

Gaelscoil Uí Drisceoil

Córas Spreagaidh chun Gaeilge a labhairt.

Cén fáth go labhróidh na páistí Gaeilge?

Is scoil lán Ghaeilge í an scoil. ‘Sí an Ghaeilge an teanga teagaisc is an teanga chumarsáide do mhúinteoirí, do dhaltai, do bhainisteoirí is do thuismitheoirí. Baineann an Ghaeilge le réimse na scoile. Ní mór do na páistí caighdeán ard sa Ghaeilge chumarsáideach a bheith acu ionas go ndéanfaidh siad dul chun cinn go h-acadúil. Beidh na páistí dhá theangach agus ‘sí is airde an caigheacán Ghaeilge a bhíonn acu ‘sé is fearr an cumas dhátheangachais a bhíonn acu. Bíonn sé ar a gcumas an tríú is an ceathrú teanga a fhoghlaim.

Conas a spreagtar na páistí chun Gaeilge a labhairt?

Tá an tsúil láidir ann go labhróidh na daltaí an Ghaeilge agus go n-úsáidfí na páistí ar bheagán Gaeilge cibé Gaeilge atá foghlamtha acu. Pléfar leis na páistí cén fáth go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a labhairt i réimse na scoile is i rith imeachtaí scoile is cuirtear ‘riail na Gaeilge’ i gcuimhne dóibh go minic. Comhthaítear comhthéacsanna cumarsáide chun iad a spreagadh an Ghaeilge a labhairt. Díritear ar a riachtanais cumarsáide i rith imeachtaí an lae (m.sh am súgartha, cluichí) ó thaobh riachtanais fóclóra, abairtí is feidhmeanna teanga de. Rachfar siar go rialta ar na liostaí riachtanacha foclóra don chlós is do na cluichí clóis. Beidh córas seachtainiúil pribhléide ranga ar siúl in a dtabharfar aitheantas do na páistí a labhrann Gaeilge. Seo a leanas roinnt de na pribhléidí a bhfeadfaí a úsáid.

Am pribhléide/ Leathuair a chloig.

- ag cabhrú le páistí i ranganna eile.
- Am súgartha sa bhreis (10 nóim breise sa chlós)
- Breis chorpoideachas
- Obair bhaile saor ó am go chéile
- Cluichí boird a imirt ar laethanta fliucha i rith am lóin
- Cead súí le cara go ceann tréimhse faoi leith
- Turasanna breise oideachasúla
- Faire ar fhistéip
- Dearbháin

- Dul ar phicnic ar laethanta geala
- Córas cairdis: ag léamh do na naíonáin
- Deich nóiméad chun an obair bhaile a thosnú ar scoil
- Am pearsanta chun pictiúr a tharraingt, leabhar a léamh, scéal ó dán a léamh

Laistigh den rang, tugtar aitheantas do pháiste faoi leith trí

- bheith sa chéad áit sa líne
- Moladh
- Postanna speisialta a thabhairt
- Dearbháin a thabhairt gach uair a dhéanann siad iarracht.

Uaireanta, tabharfar aitheantas do na páistí a labhrann Gaeilge ag léibhéal scoile ag an tionól:

- Ligtear do pháistí féachaint ar fhístéip oiriúnach san halla. Bronntar pictiúir, leabhráin inspéise, ar mhúinteoirí is déantar iad a dháileadh ar na páistí cuí.

Cad a tharlaíonn muna ndéanann páiste iarracht an Ghaeilge a labhairt:

Céim 1 : Labhraíonn an múinteoir léi/leis. Pléitear cén fáth gur cóir an Ghaeilge a labhairt ar scoil.

Céim 2: Labhraíonn an múinteoir léi/leis agus baintear pribhléid de/di.

Céim 3 : Labhraíonn an múinteoir léi/leis agus cuirtear nóta abhaile sa leabhrán obairbhaile. Baintear pribhléad.

Céim 4 : Cuirtear an páiste chuig an bpríomhoide agus cuirtear nóta abhaile sa leabhrán obhairbhaile. Baintear pribhléad.

Céim 5 : Cuirtear fios ar na tuismitheoirí/ caomhnóirí. Labhrann an múinteoir ranga leo. Iarrtar orthu a bhfocal féin a thabhairt air go labhróidh an páiste Gaeilge ar scoil. Baintear pribhléad atá comhaontaithe idir an múinteoir is na tuismitheoirí/ caomhnóirí.

Céim 6 : Labhrann an príomhoide leis na tuismitheoirí.

Céim 7 : Baintear mórfhibhléad den pháiste (mar shampla gan dul ar an turas scoile)

Siniú: _____
Éanna Ó Brádaigh
Cathaoirleach

